

## **Polasaí Guthán Póca agus aon Uirlis Taifead/Teangmhála i leith daltaí scoile.**

### **Gaelscoil Charraig Uí Leighin**

Aithnímid gur áis thábhachtach sa saol inniu an guthán póca agus is féidir leis a bheith cabhrach i saol an pháiste ach is féidir mí-úsáid a bhaint astu. Dá bhrí sin, tá polasaí á chur i bhfeidhm againn chun sábháilteacht agus príobháideachtas gach duine sa scoil a chosaint agus chun tacú le dea-riar na scoile.

#### **Ráiteas scoile:**

Tá cead ag daltaí na scoile seo gutháin póca a thabhairt leo ar scoil ach caithfidh gach dalta a nguthán a mhúchadh ar theacht isteach gheata na scoile. Ba chóir an fón póca a choimeád **múchta i rith an lae**. Ní leor iad a chur chun suain.

Is faoin ndalta atá sé aire a thabhairt don bhfón póca. Uaireanta bailíonn an múinteoir gach fón ar maidin agus tugtar ar ais iad tráthnóna. Ní ghlacann an scoil le h-aon fhreagracht as fón a bhristear, a chailltear, a ghoidtear ná a mbaintear mí-úsáid astu. **Is gá do dhaltaí cead a fháil ón bPríomhoide chun guthán póca a úsáid i rith an lae.**

#### **Iarrtar ar gach leanbh a bheith freagrach agus cloí le polasaí na scoile sa tslí seo:**

1. an fón a bheith **múchta sula dtagann an páiste isteach trí gheata na scoile** agus aon am eile go bhfuil an leanbh faoi chúram múinteoir sa scoil seo.
2. Gan an fón a chur ar siúl go mbíonn an páiste **taobh amuigh de gheata na scoile**
3. Dul chun na hoifige leis an bhfón scoile a úsáid, más gá.

**Ní ceadáitear do pháistí aon Uirlis Taifead/Teangmhála ach amháin an fón póca a thabhairt ar scoil .** Tógadh an cinneadh seo taréis plé, a) a rinne na múinteoirí ag cruinniú Múinteoirí, b) a rinne tuismitheoirí ag cruinniú Coiste Cairde. c) a rinne Comhairle na nDaltaí

#### **Smachtbhannaí:**

Nuair nách gcloítear go daingean leis na treoracha seo, ba cheart do gach duine a thuiscint, má aimsítear fón póca nó uirlis taifead/teangmhála ar siúl nó in úsáid:

- go gcuirfear nóta abhaile chuig tuismitheoirí an pháiste faoin bhfón póca nó uirlis taifead/teangmhála a bheith ar siúl agus tógfar an fón nó uirlis taifead/teangmhála ón ndalta. Tabharfar ar ais an fón nó uirlis taifead/teangmhála nuair a bhíonn an leanbh ag dul abhaile. Is ar an leanbh

atá an fhreagracht an fón póca nó uirlis taifead/teangmhála a fháil ar ais sula bhfágann sé/sí an scoil.

- má úsáideann leanbh an fón póca nó uirlis taifead/teangmhála arís lastigh de trí seachtaine tógfar é agus ní bhfaighidh sé(í) ar ais é go dtí an Aoine d'ar gcionn. Iarrtar ar thuismitheoirí a bheith i láthair chun an fón póca nó uirlis taifead/teangmhála a bhailiú. Is ar an leanbh atá an fhreagracht iomlán an fón póca nó uirlis taifead/teangmhála a fháil ar ais sula bhfágann sé/sí an scoil.
- má leanann an leanbh ag úsáid fón póca nó uirlis taifead/teangmhála ina dhiaidh sin, tógfar uaidh/uaithi é ar feadh tréimhse níos faide (Coicíos/3 sheachtain) agus cuirfear an cás faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta. Beidh an fón nó uirlis taifead/teangmhála stórála in oifig an Phríomhoide.

### **Úsáid fón póca ar thurasanna, busanna srl.**

**Iarrtar ort a chinntiú go bhfuil an fón póca múchta ag do pháiste agus iad faoi chúram aon mhúinteoir sa scoil seo** – ag dul go cluichí, comórtaisí, cluichí srl. Uaireanta, tugann an múinteoir cead glaoch a dhéanamh abhaile le go mbeadh a fhios ag tuismitheoir faoi aon mhoill nó am filleadh. Is é/í an múinteoir a bhíonn i bhfeighil ar aon ghrúpa leanaí a bhíonn ag fágáil na scoile seo agus caithfear réamhchead a fháil uaidh/uaithi le fón a chur ar siúl.

### **(Déa ) nós**

Tá sé de nós ag cuid de na múinteoirí gach fón a bhailiú óna pásiti sa rang ar maidin agus iad a thabhairt ar ais gach tráthnóna.

**Ghlac an Bord Bainistíochta leis seo,**

**Síniú an Chathaoirligh:** \_\_\_\_\_ **Dáta:** \_\_\_\_\_

